**Leasú 387**
**Cristian-Silviu Buşoi, Patrizia Toia**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) spriocanna le haghaidh táirgí eile nach gcumhdaítear faoi mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus formáidí pacáistíochta eile seachas iad a luaitear i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó na bearta a ghlacadh ag Ballstáit faoi Airteagal 45(2),*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 388**
**Cristian-Silviu Buşoi, Patrizia Toia**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***(c) díolúintí maidir le formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 389**
**Cristian-Silviu Buşoi, Patrizia Toia**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) ceanglais maidir le measúnú saolré a ullmhú chun údar a thabhairt le díolúine faoi mhír 15, pointe (b).*** |

Or. en

15.11.2023 A9-0319/390

**Leasú 390**
**Cristian-Silviu Buşoi, Patrizia Toia**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***,*** déanfaidh an Coimisiún ***athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid*** pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar ***a oiriúnaí a bheadh sé*** bearta ***a bhunú***, athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo, agus ***spriocanna nua a shocrú maidir le hathúsáid agus athlíonadh de phacáistíocht, agus i gcás inar gá,*** togra reachtach ***a chur i láthair***. | 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún ***measúnú ar thionchar na spriocanna athúsáide*** pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar ***an ngá atá le*** bearta ***nua***, ***agus*** athbhreithniú ***á dhéanamh aige*** ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo***. Chuige sin***, ***déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa*** agus ***na Comhairle lena ngabhfaidh*** togra reachtach***, más iomchuí***. |

Or. en